

TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)



Treoirbhileog 31

SOCIAL STORIES™

Is coincheap é Social Stories™ a cheap agus a d'fhorbair Carol Gray. Is straitéis é chun cabhrú le daltaí a bhfuil scileanna sóisialta laga acu raon scileanna sóisialta a thuiscint agus a fhorbairt trí iompraíochtaí sóisialta iomchuí a chur faoi bhráid na ndaltaí i bhfoirm scéil. Rinneadh forbairt ar an gcoincheap ar dtús i 1991 i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Úsáideadh é ar leanaí a raibh neamhord ar speictream an uathachais (ASD) orthu. Sa choincheap scríobhtar scéalta pearsanta chun cur síos a dhéanamh ar chás sóisialta faoi leith i dtéarmaí na leideanna agus na bhfreagairtí sóisialta iomchuí. Leanann gach scéal stíl agus formáid áirithe agus scríobhtar an scéal sa chéad phearsa agus é mar sprioc sa scéal cur síos a dhéanamh ar an gcás agus ar fhreagairtí a d'fhéadfadh teacht chun tosaigh seachas mar threoir a thabhairt don dalta. Úsáidtear ceithre chineál d'abairtí bunúsacha chun an scéal a scríobh: abairtí a dhéanfaidh cur síos, abairtí a léireoidh dearcadh, abairtí a thabharfaidh treoir, agus abairtí a bheidh dearfach. Is é an cóimheas a mholtar do na habairtí ná 0-1 abairtí a thabharfaidh treoir, 2-5 abairtí a dhéanfaidh cur síos, abairtí a léireoidh dearcadh agus/nó abairtí a bheidh dearfach.

Cé gur forbraíodh Social Stories™ an chéad lá riamh le húsáid ar leanaí a bhfuil ASD orthu, d'oibrigh an cur chuige freisin le leanaí, déagóirí, agus daoine fásta a bhfuil ASD orthu agus le haghaidh moilleanna agus difríochtaí cumarsáide agus sóisialta eile, chomh maith le daoine aonair a bhí ag forbairt go nádúrtha. Le déanaí, forbraíodh Social Articles™ agus úsáidtear iad ar dhéagóirí agus ar dhaoine fásta. Leanann siad seo i gcónaí na treoirlínte agus na critéir chun Social Story™ a scríobh ach tá siad scríofa ar leibhéal atá níos oiriúnaí ó thaobh aoise agus formáide de.

Sampla de Social Story™:

Ag Fágáil an tSeomra Ranga go Sábháilte le dul chuig an Leithreas

1. Uaireanta bíonn orm dul chuig an leithreas.
2. Níl sé sábháilte dom an seomra ranga a fhágáil gan ceist a chur ar an múinteoir.
3. Féadaim ceist a chur ar an múinteoir nuair is mian liom dul chuig an leithreas.
4. Nuair a deir mo mhúinteoir "is féidir leat dul amach" fágaim an seomra ansin.
5. Nuair a deir mo mhúinteoir "fan" caithfidh mé fanacht go dtí go mbeidh mé in ann an seomra a fhágáil.
6. Nuair a fhágfaidh mé an seomra tiocfaidh mé díreach ar ais nuair a bheidh mé críochnaithe ag an leithreas.
7. Beidh mé sábháilte ansin agus beidh mo mhúinteoir sásta.

Tuilleadh:

<http://www.thegraycenter.org/> Leathanach oifigiúil Carol Gray agus Social Stories™

<http://www.thegraycenter.org/socialstories.cfm> Samplaí de Social Stories™

http://www.frsc.k12.nj.us/autistic/Social%20Stories/social_stories.htm

<http://ourworld.compuserve.com/homepages/mdenoncourt/ss.htm>

<http://www.adders.org/socialstories.htm>

<http://www.fcps.k12.va.us/ss/its/howtos/socstor/socstories.htm>

http://www.speechmark.net/speechmark/New_Titles/writing.htm Leabhar: "Writing and Developing Social Stories"